



Special EU Programmes Body
Foras Um Chláir Speisialta An AE
Boord O Owre Ocht UE Projects



AN CLÁR PEACE PLUS A ULLMHÚ

Comhar Críche Eorpach
2021–2027

Doiciméad Eolais faoi Ghafacht le Geallsealbhóirí

Nollaig 2019 go Feabhra 2020



Northern Ireland
Executive

www.northernireland.gov.uk



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Clár an Ábhair

Cuid 1: Réamhrá

1.1 Teastaíonn bhur dtuairimí uainn!	03
1.2 Forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí gafachta	04
1.3 An Suirbhé a chomhlánú	05

Cuid 2: An Clár PEACE PLUS

2.1 Cúlra	07
2.2 Dearadh an chláir agus an réigiún intofa	07
2.3 Fócas Téamach	09
2.4 Simplíú méadaitheach agus an fócas ar thorthaí	11
2.5 Socruithe eile riaracháin agus seachadta	11
2.6 Naisc úsáideacha	12
2.7 Dréachtchuspóirí Beartais	13
2.8 Gluais	14

Cuid 1: Réamhrá

1.1 Teastaíonn bhur dtuairimí uainn!

Ceann is ea Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) de na sé Chomhlacht trasteorann arna mbunú ag “Comhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ag Bunú Comhlachtaí Forfheidhmithe” a síníodh ar 8ú Márta 1999 (Comhaontú na Breataine-na hÉireann, 8ú Márta 1999).

Táimid freagrach as Cláir an AE PEACE IV (€270m) agus INTERREG VA (€283m) a chur i bhfeidhm. Tá ról againn chomh maith mar fhógraitheoir na gclár chun gafacht leis na Cláir Idir-réigiúnacha INTERREG VB Transnational agus INTERREG VC a chur chun cinn.

Ba mhian leis an CCSAE ionchur a fháil uait clár nua PEACE PLUS a fhorbairt; gníomhaíochtaí cistithe a bhaineann le síocháin agus athmhuintearas agus le forbairt gheilleagrach agus sóisialta i dtuaisceart Éireann agus Contaetha na Teorann in Éirinn¹.

Clár cistithe nua trasteorann de chuid an AE don tréimhse 2021-2027 is ea PEACE PLUS, clár a bheidh mar chomharba ar na cláir reatha do 2014-2020 PEACE IV agus INTERREG VA araon.

Deis spreagúil is ea an clár nua seo ar chistiú a thabhairt i gcónaí d'idirghabhálacha ar son na síochána taobh le gníomhaíochtaí a bheidh ina gcabhair chun áit níos rachmasaí, sláintiúla le maireachtáil ann a dhéanamh as an réigiún, trí réimsí is suim leis an dá thaobh a chistiú ar bhonn trasteorann.

Cuirtear fáilte roimh ionchur ó dhaoine nó eagraíochtaí is cuma an raibh baint agat leis na cláir PEACE nó INTERREG roimhe seo nó leis na cláir reatha, nó cé acu an é seo an chéad uair agat ag gabháil le clár arna bhainistiú ag CCSAE nó nach é.

Clár Eorpach Forbartha Críche dar luach €270 milliún is ea Clár PEACE IV 2014-2020, agus tá sé tiomnaithe d'fhíorathrú marthanach a sheachadadh maidir le:

- Tionscnaimh **Oideachais Chomhroinnte**,
- Tacaíocht do **Leanaí agus Daoine Óga** atá imeallaithe,
- **Spáis agus Seirbhísí nua Comhroinnte** a sholáthar,
- **Caidrimh Dhearfacha a Thógáil** i measc daoine as pobail agus cúlraí difriúla.

Clár Eorpach Forbartha Críche is ea Clár INTERREG VA 2014-2020 chomh maith a bhfuil buiséad iomlán de €283 milliún aige agus tá cistiú soláthartha thar na réimsí seo a leanas:

- **Taighde & Nuáil**,
- Tionscnaimh **Comhshaoil**,
- Tionscadail don **Iompar Inbhuanaithe**,
- **Sláinte & Cúram Sóisialta**.

Tá tuilleadh mionsonraí faoi na cineálacha gníomhaíochtaí tionscadail atá á gcistiú faoi láthair le fáil trí na naisc in Alt 2.6.

¹ An Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, Lú, Muineachán agus Sligeach. Féadtar eagraíochtaí lasmuigh de cheantar an chláir a chistiú nuair atá cuspóirí an tionscadail ina gcuidiú le cuspóirí an chláir laistigh den réigiún (chun tuilleadh eolais a fháil feic alt 2.2).

1.2 Forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí gafachta

As an bpróiseas leathan seo gafachta le geallsealbhóirí tiocfaidh ullmhú doiciméid Cláir Comhoibrithe. Leagfar amach sa doiciméad seo cuspóirí cistithe agus socruithe seachadta don chlár nua PEACE PLUS.² Mairfidh an suirbhé ó **10 Nollaig 2019** go dtí **17:00 25 Feabhra 2020**, agus foilseofar achoimre ar na tuairimí tar éis dó bheith curtha i gcrích.

I dteannta leis an suirbhé, áirítear ar na gníomhaíochtaí gafachta eile: clár ócáidí gafachta, gafacht le heagraíochtaí ionadaíocha; agus le ranna rialtais. Taobh leis seo, cuirfear i gcrích anailís shocheacnamaíoch ar an réigiún.

Beidh an t-ionchur ó ghníomhaíochtaí gafachta, mar aon le taighde agus tuarascálacha eile, mar bhonn le Dréachtdhoiciméad an Chláir Chomhoibrithe. Cuirfear comhairliúchán poiblí reachtúil eile i gcrích ansin, lena dtabharfar deis don phobal trácht ar an Dréachtchlár Comhoibrithe, agus trácht ar thuarascálacha tacaíochta agus measúnuithe eile ar bith. Is dócha go dtionólfar an comhairliúchán reachtúil seo i bhFómhar 2020.

Tá na rialúcháin AE a chlúdóidh an clár nua ag céim dréachta, agus níor thug an Chomhairle Eorpach ná Parlaimint na hEorpa faomhadh dóibh go fóill. Féadfar na dréachtrialúcháin a leasú le linn an phróisis. Níl buiséad foriomlán an AE comhaontaithe go fóill, dá bhrí sin tá an leithdháileadh buiséid ar an gclár le tabhairt chun críche fós. Tá iarrtha ag na Ballstáit (RA agus Éire) ar CCSAE, áfach, tús a chur le hullmhúcháin, a mbeidh gníomhaíochtaí gafachta le geallsealbhóirí ina gcuid lárnach díobh, d'fhonn feidhmiú tráthúil na gclár a chinntiú amach anseo. Reáchtálfar an phleanáil clár seo i gcomhthráth leis na caibidlíochtaí deiridh ar na rialúcháin agus ar an mbuiséad.

² Cistithe roimhe seo faoi INTERREG

1.3 An Suirbhé a chomhlánú

Tá na trí príomhchuid seo a leanas le fáil sa phaca seo:

Cuid 1 Réamhrá agus treoruithe faoin gcaoi le freagairt.

Cuid 2 Breac-chuntas ar an gclár PEACE PLUS, ina mínítear na príomhghnéithe agus ina n-aibhsítear athruithe i gcomparáid leis na cláir atá arna mbainistiú ag CCSAE faoi láthair.

Cuid 3 Ceistanna den suirbhé, ina féidir leat do thuairimí a thabhairt ar na téamaí agus na tosaíochtaí don chlár PEACE PLUS nua atá imlínithe i gCuid 2.

Chun an suirbhé seo a chomhlánú, féadann tú freagairt tríd ár suirbhé ar líne, tríd an ríomhphost, nó tríd an bpost.

Suirbhé Ar Líne

Chun freagairt ar ár suirbhé lean an nasc le do thoil chuig an ardán suirbhé ar líne <https://www.surveymonkey.co.uk/r/PEACEPLUS> Ní ceart d'eagraíocht ná do dhuine aonair freagairt ach uair amháin.

R-phost nó Post

Bíodh gurb iad na freagairtí seo tríd an ardán suirbhé ar líne an rogha is fearr linn, b'fhéidir go mba mhian leat freagairt ar an suirbhé tríd an ríomhphost, nó tríd an bpost. Más amhlaidh tá, féadann tú an suirbhé a íoslódáil ónár suíomh idirlín <https://seupb.eu/PEACEPLUS> nó féadann tú doiciméad freagartha i gcóip chrua a iarraidh trí theagmháil le CCSAE: PEACEPLUS@seupb.eu 00 44 (0) 28 90 266660

Is ceart freagairtí r-phoist a sheoladh chuig: PEACEPLUS@seupb.eu

Is ceart freagairtí poist a sheoladh chuig:
2021 -2027 PEACE PLUS
Clár Gafachta le
Geallsealbhóirí
Comhlacht na gClár Speisialta
AE
2 Sráid Clarence Thiar
Béal Feirste
BT2 7GP

Cuirfidh CCSAE admháil oifigiúil ar gach freagairt.

1.3.1 Úsáid na bhfreagairtí

Éilítear ort leis an suirbhé d'ainm agus do sheoladh poist a chur ar fáil. Is chun críche fíoraithe amháin é seo agus chun freagairtí iomadúla ón duine nó ón eagraíocht chéanna a chosc. Ní chuirfear freagairtí gan ainm sa chuntas.

Foilseoidh CCSAE achoimre ar na freagairtí. Más thar ceann eagraíochta atá tú ag freagairt féadaimid ainm na heagraíochta a fhoilsiú mura n-iarrann tú a mhalairt. Más mar dhuine aonair atá tú ag freagairt féadaimid tagairt dá bhfuil sa fhreagairt agat ach ní do d'ainm ná do do sheoladh, agus ní fhoilseoidimid rud ar bith a shainithneodh tú féin ná daoine eile.

In ainneoin an mhéid thuas, féadfar an t-eolas a chuirfidh tú ar fáil sa fhreagairt agat, eolas pearsanta as an áireamh, a nochtadh de réir an Chóid Chleachtais um Shaoráil Faisnéise do na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh / Theas. Más mian leat go gcaithfí leis an eolas a chuirfidh tú ar fáil mar eolas rúnda, déan teagmháil le do thoil le communications@seupb.eu, ach bíodh a fhios agat nach bhféadaimid, faoin gCód Cleachtais, rúndacht a ráthú.

Eolas breise

Féadann tú tuilleadh cóipeanna den doiciméad seo a dhéanamh gan cead a iarraidh.

Tá doiciméadú le fáil i nGaeilge ar an suíomh idirlín <https://seupb.eu/PEACEPLUS>. Cuirfear doiciméadú i bPolainnis, in Araibis nó i dteangacha nó i bhformáidí inrochtana eile ar fáil ach é a iarraidh. Má tá ceisteanna le cur agat maidir leis an suirbhé nó má theastaíonn eolas nó tacaíocht ar bith eile uait chun rochtain ar an doiciméad seo, déan teagmháil linn le do thoil ag:

Clár PEACE PLUS
Comhlacht na gClár Speisialta
AE
2 Sráid Clarence Thiar
Béal Feirste
BT2 7GP

R-phost:
PEACEPLUS@seupb.eu
Teil: 00 44 (0) 28 90 266 660

Má bhíonn tuairimí agat nó casaoid le déanamh agat faoin gcaoi inar stiúradh an suirbhé seo, is ceart iad seo a sheoladh chuig:

Oifigeach Casaoidí,
Comhlacht na gClár Speisialta AE
2 Sráid Clarence Thiar
Béal Feirste
BT2 7GP
R-phost: feedback@seupb.eu
Teil: 00 44 (0) 28 90 266 660

Cuid 2: An Clár PEACE PLUS

2.1 Cúlra

Cuirtear creat ar fáil faoi bheartas comhtháthaithe (nó beartas réigiúnach) an Aontais Eorpaigh chun raon leathan tionscadal agus infheistíochtaí a chistiú ar mhaithe le fás geilleagrach a spreagadh i mBallstáit an AE, ina réigiúin agus i dtríú tíortha. Déanann institiúidí an AE athbhreithniú ar an mbeartas uair amháin i ngach seacht mbliana. Clúdóidh an chéad bhabhta eile clár an tréimhse 2021 -2027.

Sa tréimhse reatha 2014-2020, bainistíonn Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) dhá chlár comhoibríthe trasteorann: an clár PEACE IV (buiséad iomlán: €270 milliún) i dTuaisceart Éireann agus Contaetha na Teorann in Éirinn (ar a n-áirítear An Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, Lú, Muineachán agus Sligeach); agus an clár INTERREG VA (buiséad iomlán: €283 milliún) a chlúdaíonn an réigiún céanna agus iarthar na hAlban³. Tá tús curtha ag CCSAE le hullmhú cláir shingil chomharbachta don tréimhse 2021 go 2027. Tabharfar an Clár PEACE PLUS ar an gclár nua seo. Meastar go mbeidh luach an chláir nua comhionann le neasluach an dá chlár reatha le chéile.

D'fhonn a chinntiú go mbeidh an Clár nua PEACE PLUS réidh lena chur i bhfeidhm go luath in 2021, tá CCSAE ag cur tús leis an bpróiseas pleanála seo bunaithe ar na rialúcháin atá foilsithe i ndrúchtffhoirm.

Is iad seo a leanas na rialúcháin de chuid an AE ina leagtar amach na rialacha faoina gcaithfear an Clár PEACE PLUS a ullmhú, a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm:

- Forálacha Coitianta – Togra do Rialúchán COM(2018) 375 agus iarscríbhinní
- CFRE agus Cistí Comhtháite –Togra do Rialúchán COM(2018) 372 agus iarscríbhinní,

Forálacha sainiúla do chomhar críche – Togra do Rialúchán COM(2018) 374.

Níl na dréachrialúcháin seo faofa agus tá siad faoi réir ag athrú. Mar atá siad dréachtaithe faoi láthair, áfach, tá roinnt áirithe tograí tábhachtacha insna rialúcháin maidir leis an mbealach a ndeartar agus a bhfeidhmítear beartas comhtháthaithe, tograí dá dtagrófar thíos.

2.2 Dearadh an Chláir agus an réigiún intofa

Clár nua trasteorann is ea PEACE PLUS, a bheidh ina chabhair chun sochaí níos rachmasaí, cobhsaí a chruthú i dTuaisceart Éireann agus réigiún na teorann in Éirinn. Bainfear an méid seo amach leis an gclár trí ghníomhaíochtaí síochána agus athmhuintearais a chistiú, agus trí ghníomhaíochtaí a chistiú a bheidh mar chabhair le forbairt Thuaidh/Theas thrasteorann gheilleagrach agus críche an réigiúin⁴. Léiríonn ainm an chláir an comhcheangal de ghníomhaíochtaí den dá chineál PEACE agus INTERREG in aon chlár amháin áit a chiallaíonn “PLUS” gníomhaíochtaí leathana geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil a chuimsiú.


Cuimsíonn an réigiún, a bhfuil cistiú PEACE PLUS curtha ar fáil dó, Tuaisceart Éireann agus Contaetha na Teorann in Éirinn. Bíonn gníomhaíochtaí PEACE agus INTERREG faoi láthair gafa le comhpháirtithe agus gníomhaíocht lasmuigh de réigiún an chláir, agus féadfaidh siad an rud céanna a dhéanamh amach anseo, fad is a mbíonn siad ag rannchuidiú le cuspóirí an chláir agus ag dul chun tairbhe na saoránach laistigh de réigiún an chláir.

³ Clíceáil [anseo le haighidh staidéar cáis](#) ar na tionscadal ama gostiú ag na Clár PEACE IV agus INTERREG VA.

⁴ Cistithe roimhe seo faoi INTERREG.


Taispeántar ar na léarscáileanna thíos suíomh geografach na gcomhpháirtithe atá tar éis bheith gafa leis na cláir reatha (PEACE IV agus INTERREG VA).

Léarscáil 1: Suíomh geografach na gcomhpháirtithe i PEACE IV



Cuireann an dath atá ar réigiún in iúl cé acu an líon íseal, meánlíon nó líon ard eagraíochtaí atá gafa le Clár PEACE IV sa réigiún. Dá dhorchá an imir dhearg, is ea is líonmhaire na heagraíochtaí. Tógadh an t-eolas ó keep.eu.

Léarscáil 2: Suíomh geografach na gcomhpháirtithe i INTERREG VA



Cuireann an dath atá ar réigiún in iúl cé acu an líon íseal, meánlíon nó líon ard eagraíochtaí atá gafa le INTERREG VA IV sa réigiún. Dá dhorchá an imir dhearg, is ea is líonmhaire na heagraíochtaí. Tógadh an t-eolas ó keep.eu.

2.2 Fócas Téamach

Cé nach bhfuil siad tugtha chun críche (agus go bhfuil siad, dá bhrí sin, faoi réir ag athrú), sonraítear ag na dréachtrialúcháin na cúig Chuspóir Beartais seo a leanas as ar cheart do na cláir téamaí a roghnú i gcomhair infheistíochta sa réimse intofa (chun tuilleadh eolais a fháil, feic alt 2.7):

Tábla 1: Dréachtchuspóir Beartais don Tréimhse Cistithe 2021-2027

<p>Cuspóir Beartais 1</p>	<p>EORAIP NÍOS CLISTE trí bhunathrú geilleagrach nuálach, cliste a chur chun cinn.</p> <p>Dírítear leis an gCuspóir Beartais seo ar chumas nuálach an réigiúin a neartú, ar ghlacadh na hardteicneolaíochta, ar fhás agus iomaíochas earnáil na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, agus ar fheabhas a chur ar sheirbhísí dhigiteacha.</p>
<p>Cuspóir Beartais 2</p>	<p>EORAIP NÍOS GLAISE, NÍOS ÍSLE CARBÓIN, trí na nithe seo a leanas a chur cinn: trasdul fuinnimh glan, cothrom, infheistíocht ghlas agus ghorm, an gheilleagar chiorclach, oiriúnú don aeráid, agus cosc agus bainistiú riosca.</p> <p>D'fhéadfai a áireamh ar na bearta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • bearta chun éifeachtacht fuinnimh a mhéadú, • cumas breise táirgeachta fuinnimh in-athnuaite, • greillí cliste i gcomhair bainistithe feabhsaithe fuinnimh, • córais fheabhsaithe monatóireachta i gcomhair tubaiste, rabhaidh nó freagartha, • cóireáil fheabhsaithe uisce agus fuíll, • bearta chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú.
<p>Cuspóir Beartais 3</p>	<p>EORAIP NÍOS CÓNASCTHA trí soghluaisteacht agus nascacht réigiúnach TFC a bhreisiú.</p> <p>Dírítear leis an gCuspóir Beartais seo ar an iompar agus an t-infreastruchtúr TFC sa réigiún a fheabhsú.</p>
<p>Cuspóir Beartais 4</p>	<p>EORAIP NÍOS SÓISIALTA Crann Taca Eorpach na gCearta Sóisialta a chur i bhfeidhm sa réigiún.</p> <p>Dírítear leis an gCuspóir Beartais seo ar fheabhas a chur ar dheiseanna fostaíochta; an rochtain ar oideachas ar ardchaighdeán a mhéadú; an t-imeallú a laghdú trí thithíocht agus seirbhísí a fheabhsú; agus an rochtain ar chúram sláinte ar ardchaighdeán a fheabhsú. Thacófaí le bearta maidir le comhtháthú pobail agus sóisialta faoin gCuspóir Beartais seo. Ní mór do na bearta PEACE go léir laistigh de PEACE PLUS bheith laistigh den chuspóir seo.</p>
<p>Cuspóir Beartais 5</p>	<p>EORAIP NÍOS GAIRIDE DÁ SAORÁNAIGH trí fhorbairt inbhuanaithe, comhtháite na gceantar uirbeach, tuaithe agus cósta, agus trí thionscnaimh áitiúla sa réigiún, a chothú.</p> <p>Féadann na tionscnaimh seo bheith ag díriú ar an turasóireacht, oidhreacht chultúrtha, áiseanna don phobal, agus slándáil insna ceantair uirbeacha.</p>

Cuimsítear i bpróiseas forbartha an Chláir PEACE PLUS nua a shainaithint cé acu de na Cuspóirí Beartais is ábhartha maidir le síocháin agus athmhuintearas a chur chun cinn agus maidir le forbairt gheilleagrach agus críche Thuaisceart Éireann agus Chontaetha na Teorann in Éirinn.

I gcás na mbearta Síochána agus Athmhuintearais a bheidh arna gcistiú faoi PEACE PLUS, cisteofar iad siúd faoi Chuspóirí Beartais 4.

Fíor 1: Cuspóirí Beartais a fhéadtar iad a chistiú faoi PEACE PLUS

PEACE PLUS

Clár trasteorann de chuid an AE is ea PEACE PLUS, a bheidh ina chabhair chun sochaí níos rachmasaí, cobhsaí a chruthú i dThuaisceart Éireann agus i réigiún na teorann in Éirinn

Bearta ar mhaithe le tacú le Síocháin agus Athmhuintearas

Cuspóir Beartais 4:
Eoraip níos sóisialta,
Crann Taca Eorpach na
gCearta Sóisialta a chur i
bhfeidhm

Rannchuidiú le cobhsaíocht
shóisialta, gheilleagrach agus
réigiúnach a chur chun cinn
(Comhtháthú i measc pobal)

BEARTA SAMPLACHA:
SLÁINTE MHEABHRACH/COMHTHÁTHÚ POBAIL/
FORBAIRT SCILEANNA/POBAIL IMEALLAITHE/
FÉINIÚLACHT CHULTÚRTHA

Bearta atá mar thaca leis an gcomhoibriú Thuaidh/Theas maidir le réimsí comhshuime

Cuspóir Beartais 1: Eoraip níos cliste -
bunathrú geilleagrach nuálach, cliste

BEARTA SAMPLACHA: TACAÍOCHT SME / TAIGHDE AGUS NUÁIL

Cuspóir Beartais 2: Eoraip
níos glaise, níos ísle carbóin

BEARTA SAMPLACHA: MAOLÚ ATHRAITHE AERÁIDE

Cuspóir Beartais 3: Eoraip níos cónasctha -
soghluaisteacht agus nascacht réigiúnach
TFC a bhreisú

Cuspóir Beartais 4: Eoraip níos sóisialta, Crann
Taca Eorpach na gCearta Sóisialta a chur i
bhfeidhm

BEARTA SAMPLACHA: SLÁINTE/ OIDEACHAS/
COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA

Cuspóir Beartais 5: Eoraip níos gairide dá
saoránaigh - forbairt na gceantar uirbeach,
agus cósta

BEARTA SAMPLACHA: TURASÓIREACHT

2.3 Simplíú méadaitheach agus an fócas ar thorthaí

Teastaíonn córais chúí, éifeachtacha, trédhearcacha chun Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a bhainistiú go slán, éifeachtach, éifeachtúil. Ní mór do chórais bhainistíochta agus rialála deimhin a dhéanamh de go gcoisctear agus go mbraitear mírialtachtaí, calaois san áireamh, agus sa chaoi sin rathaíocht réasunta a thabhairt maidir le rialtacht an chaiteachais. Ní mór do chláir agus tionscadail bheith cuntasach agus luach ar airgead a léiriú, dá bhrí sin, ní mór go mbeadh próisis ann lena bhféadfar torthaí a ghabháil i gcomhair measúnaithe agus cumarsáide. Ag an am céanna is ceart don chóras seachadta bheith chomh simplí agus chomh sruthlínithe agus is féidir chun feidhmiú éifeachtúil agus laghdú an ualaigh riaracháin do na tairbhíthe a chinntiú.

Áirítear ar na cláir PEACE IV agus INTERREG VA roinnt tionscnamh chun rannpháirtíocht insna cláir a shimplíú agus chun a chinntiú go bhféadfar torthaí an chláir a thomhas agus a mheasúnú. Leagtar amach insna dréachtrialúcháin roinnt forálacha a chuirfidh ar chumas PEACE PLUS dul níos faide fós.

Faoi na cláir reatha tá roinnt roghanna simplithe costais á n-úsáid cheana chun tionscadail a íoc. Is éard tá i gceist le híoc trí roghanna simplithe costais, seachas costais fhírinneacha a íoc, ná castacht na bpróiseas aisíocaíochta a laghdú trí íocaíochtaí a dhéanamh ar bhonn rátaí réamhshonraithe.

Is iad na príomhchineálacha roghanna simplithe costais atá á n-úsáid ag na cláir reatha ná:

- “rátaí comhréidhe” – nuair a ríomhtar costais trí ríomh uathoibríoch; agus
- “costais aonaid” – nuair a bhíonn íocaíochtaí ceangailte le seachadadh aschuranna réamhaontaithe seachas bheith bunaithe ar na costais dhíreacha a bhaineann leis an aschur a tháirgeadh.

Cuireann CCSAE úsáid roghanna simplithe costais chun cinn cheana laistigh de na cláir reatha agus is mian leo úsáid roghanna simplithe costais a fhairsingiú. Laghdóidh sé seo an t-ualach riaracháin ar chomhpháirtithe tionscadail agus laghdóidh sé rátaí earráide. I gcás costas aonaid, chuirfeadh sé seo ar chumas comhpháirtithe níos mó aire a dhíriú ar chaighdeán na n-aschuranna. I gcás costas aonaid, is í fianaise maidir le seachadadh agus chaighdeán an aschuir, seachas fianaise maidir leis na costais bhainteacha, an fhianaise a bhíonn ar chomhpháirtithe a chur faoi bhráid chun aisíocaíocht caiteachais a fháil.

2.4 Socruithe eile riaracháin agus seachadta

Beidh CCSAE ag feidhmiú mar Údarás Bainistíochta i gcónaí, ag feidhmiú faoi scrúdan Choiste Monatóireachta Clár comhdhéanta de gheallsealbhoirí, bídis as an AE, as an mBallstát, as an Roinn Urraíochta, trasteorann nó eile. Tuairtar, áfach, athruithe áirithe ar na socruithe reatha seachadta sa dréachtrialúchán.

Comhpháirtíochtaí Dílnse Shingil

Cláir trasteorann cistithe de chuid an AE is ea PEACE IV agus INTERREG VA araon atá ceaptha chun síocháin agus athmhuintearas a chruthú agus forbairt gheilleagraic a chothú ar fud an réigiúin.

Laistigh de chláir PEACE tugadh maolú sainiúil i gcónaí chun tionscadail in aon dlínse amháin a chistiú (cé go spreagtar comhpháirtíochtaí trasteorann agus go bhfeidhmítear an-chuid den chlár PEACE IV ar bhonn trasteorann). Faoi chláir INTERREG, ní mór do chomhpháirtíochtaí gabháil le heagraíochtaí as an dá dhlínse, ní mór do thionscadail bheith comhdheartha agus ní mór iad a sheachadadh ar bhonn trasteorann.

Clár trasteorann is ea PEACE PLUS. Ina ainneoin sin, beidh comhpháirtíochtaí dlínse shingil (i.e. comhpháirtíochtaí a chuimsíonn eagraíochtaí as aon tír amháin) intofa do chistiú i gcónaí fad is a shásaíonn siad an chuspóir Síocháin agus Athmhuintearas. Éileofar ar thionscadail atá ag dul i ngleic le dúshláin leathana geilleagracha agus críche (a cistíodh roimhe seo faoi INTERREG VA) gabháil le comhpháirtíochtaí agus tairbhithe trasteorann.

Tacaíocht d'Fhorbairt Tionscadal

I gcás na gclár reatha, tá tacaíocht ar fáil d'iarratasóirí féideartha i roinnt bealaí éagsúla, trí shuíomh idirlín CCSAE, mar shampla, agus trí ócáidí chun iarratais ar chistiú a chur chun cinn.

Ba mhian le CCSAE bealaí eile a mhachnamh chun tacaíocht d'fhorbairt tionscadal le linn na tréimhse nua cláreagraithe. Ar na samplaí de thacaíocht bhreise d'fhéadfaí cur san áireamh:

- Cúnamh saineolaithe do thacaíocht d'fhorbairt tionscadal
- Svúit níos leithne ócáidí, ar a n-áireofaí ócáidí líonraithe agus ceardlanna tacaíochta d'fhorbairt tionscadal
- Ábhair bhreise bheith foilsithe ar líne, lámhleabhair agus físeáin teagaisc san áireamh
- Íocaíochtaí cnapshuime i leith costas ullmhaithe.

Ráta Cistithe

I gcás tionscadal a chistítear faoi láthair faoi PEACE IV agus INTERREG VA, cistítear tionscadail go coitianta suas go 100% de chostais an tionscadail. Tá cuid mhór tionscadal ann chomh maith, áfach, a áiríonn rannchuidiú ó na comhpháirtithe áit is féidir leo a leithéid a thabhairt.

Sa chlár PEACE PLUS beidh CCSAE i gcónaí ag plé socruithe ina rannchuidíonn na comhpháirtithe cuid dá gcistiú meaitseála nó an cistiú meaitseála ar fad más féidir leo é sin a dhéanamh.

2.5 Naisc úsáideacha

Féadtar tuilleadh eolais a fháil ar [ár suíomh idirlín](#) maidir leis an méid seo a leanas:

- Achoimrí ó shaoránaigh ar na cláir reatha [PEACE IV](#) agus [INTERREG VA](#),
- Eolas maidir le tionscadail atá á gcistiú ag na cláir [PEACE IV](#) agus [INTERREG VA](#),
- Eolas faoi mheasúnachtaí atá ar siúl maidir leis na [cláir](#) reatha,
- [Treoracha Táscaire Aschuir do chláir reatha](#),
- Doiciméid Cláir Chomhoibrithe do na cláir [PEACE IV](#) agus [INTERREG VA](#).

2.6 Dréachtchuspóirí Beartais

Mar chuid den phróiseas deartha clár, ní mór do chláir cuspóirí sainiúla a oiriúnú do riachtanais áitiúla. I gcás cistithe a bhaineann le Síocháin gus Athmhuintearas, oiriúnófar cuspóirí sainiúla faoi Chuspóir Beartais 4 chun díriú go sainiúil ar bhearta síochána.

Tábla 2: 2.6 Dréachtchuspóirí Beartais agus Cuspóirí Sainiúla don Tréimhse Cistithe 2021-2027

CB	Cuspóir Beartais	Cuspóirí sainiúil
1	EORAIP NÍOS CLISTE trí bhunathrú geilleagrach nuálach, cliste a chur chun cinn.	(i) Cumais taighde agus nuálaíochta agus glacadh na hardteicneolaíochta a fheabhsú. Tairbhí an digitithe a bhaint do shaoránaigh
		(ii) Tairbhí an digitithe a bhaint do shaoránaigh, cuideachtaí agus rialtais.
		(iii) Cur le borradh agus iomaíochas Fiontar Beag agus Meánmhéide.
		(iv) Scileanna a fhorbairt don speisialú cliste, trasdul tionsclaíoch agus fiontraíocht.
2	EORAIP NÍOS GLAISE, NÍOS ÍSLE CARBÓIN, trí na nithe seo a leanas a chur cinn: trasdul fuinnimh glan, cothrom, infheistíocht ghlas agus ghorm, an gheilleagar chiorclach, oiriúnú don aeráid, agus cosc agus bainistiú riosca.	(i) Bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn.
		(ii) Fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn.
		(iii) Córais chliste fuinnimh, greillí agus stóráil ag leibhéal na háite a fhorbairt.
		(iv) Oiriúnú don athrú aeráide, cosc an riosca agus athléimneacht in aghaidh tubaiste a chur chun cinn.
		(v) Bainistíocht inbhuanaithe uisce a chur chun cinn.
		(vi) An trasdul go dtí geilleagar chiorclach a chur chun cinn.
		(vii) Cur leis an mbithéagsúlacht, infreastruchtúr glas sa timpeallacht uirbeach, agus laghdú an truailithe.
3	EORAIP NÍOS CÓNASCTHA trí soghluaisteacht agus nascacht réigiúnach TFC a bhreisiú.	(i) Cur leis an nascacht dhigiteach.
		(ii) TEN-T inbhuanaithe, athléimneach in aghaidh aeráide, meabhrach, daingean, idirmhódúil a fhorbairt.
		(iii) Soghluaisteacht inbhuanaithe, athléimneach in aghaidh aeráide, meabhrach, idirmhódúil náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a fhorbairt, ag áireamh air sin rochtain fheabhsaithe ar shoghluaisteacht thras-Eorpach agus trasteorann.
		(iv) Soghluaisteacht inbhuanaithe idirmhódúil uirbeach a chur chun cinn.
4	EORAIP NÍOS SÓISIALTA Crann Taca Eorpach na gCearta Sóisialta a chur i bhfeidhm sa réigiún.	(i) Cur le héifeachtacht na margaí saothair agus le rochtain ar fhostaíocht ar ardchaighdeán trí nuáil agus infreastruchtúr sóisialta a fhorbairt.
		(ii) Cur leis an rochtain ar sheirbhísí cuimsitheacha ar ardchaighdeán san oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil trí infreastruchtúr a fhorbairt.
		(iii) Comhtháthú socheacnamaíoch pobal imeallaithe, imirceach agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste a mhéadú, trí bhearta comhtháite ar a n-áirítear tithíocht agus seirbhísí sóisialta.
		(iv) Rochtain chomhionann ar chúram sláinte a chinntiú trí infreastruchtúr a fhorbairt, ag áireamh air sin cúram sláinte príomhúil.

5	<p>EORAIP NÍOS GAIRIDE DÁ SAORÁNAIGH trí fhorbairt inbhuanaithe, comhtháite na gceantar uirbeach, tuaithe agus cósta, agus trí thionscnaimh áitiúla sa réigiún, a chothú</p> <p>(i) Forbairt chomhtháite shóisialta, gheilleagrach agus comhshaoil, oidhreacht chultúrtha, agus slándáil na gceantar uirbeach a chothú.</p>

2.7 Gluais

Tábla 3: Gluais

<p>Forálacha coitianta – Togra do Rialúchán COM(2018) 375 agus iarscríbhinní</p>	<p>Leagtar amach leis an rialúchán togartha seo rialacha coitianta maidir le pleanáil clár, cuspóirí téamacha, bainistiú agus monatóireacht airgeadais agus measúnachta clár. Beidh feidhm ag na rialacha seo i leith Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháite, Ciste Talmhaíochta Fhorbraíocht Tuaithe na hEorpa agus Ciste Muirí agus Iascaigh na hEorpa.</p>
<p>An Clár Comhoibrithe</p>	<p>Is éard tá sa Chlár Comhoibrithe ná an doiciméad lena gcódaítear cuspóirí clár, torthaí agus na cineálacha beart a gheobhaidh cistiú. Cuirtear síos ann ar an gcaoi a fhreagraíonn siad seo ar dhúshláin agus riachtanais shainitheanta an réigiúin. Leagtar amach ann freisin na socruithe do bhainistiú, feidhmiú, monatóiriú agus measúnacht an chlár.</p>
<p>ERDF</p>	<p>Tá sé mar aidhm ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) comhtháthú geilleagrach agus sóisialta san Aontas Eorpach a neartú trí neamhionannais a laghdú i measc na réigiún ann. Tá cuid shainiúil den chiste tiomnaithe do réigiún teorann. An Comhar Críche Eorpach nó INTERREG a thugtar air seo.</p>
<p>Cistí CRFE agus Comhtháite – Togra do Rialúchán COM(2018) 372 agus iarscríbhinní</p>	<p>Leagtar amach leis an rialúchán togartha seo na rialacha maidir le spriocanna foriomlána an bheartais chomhtháite agus na córais bainistíochta agus rialála don bheartas comhtháite atá arna gcistiú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE). Tiocfaidh cistiú don Chlár PEACE PLUS ó CFRE agus beidh sé dá bhrí sin faoi réir ag forálacha an Rialúcháin seo.</p>
<p>Rátaí comhréidhe</p>	<p>Áit a ríomhtar costais trí ríomh uathoibríoch. Sampla de Ráta Comhréidh sa tréimhse cláreagraithe 2014-2020 is ea an Ráta Comhréidh a n-éilíonn comhpháirtithe costais dá réir faoin gCeannteideal Buiséid: “Costais Oifige agus Riaracháin”. Ní éilíonn tionscadail costais iarbhír a bhaineann le hOifig agus Riarachán (fótachóipeáil, billí leictreachais etc). Ina áit sin, ríomhtar luach na gcostas seo go huathoibríoch mar an ráta ag a n-aisíoctar “Costais Oifige agus Riaracháin” (15% de Chostais intofa Foirne).</p>
<p>Infreastruchtúr glas agus gorm</p>	<p>Líonra arna pleanáil go straitéiseach de cheantair nádúrtha agus leathnádúrtha is ea infreastruchtúr glas agus gorm a bhfuil gnéithe comhshaoil eile aige atá deartha agus bainistithe chun raon leathan seirbhísí éiceachórais a sheachadadh, mar shampla, íonú uisce, cáilíocht an aeir, spás chun áineasa agus maolú agus oiriúnú aeráide.</p>
<p>TFC</p>	<p>Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide.</p>
<p>Ráta Idirghabhála</p>	<p>An céatadán de bhuiséad iomlán an tionscadail a mhaoiníonn an CFRE.</p>

<p>Roghanna Simplithe Costais</p>	<p>Is éard tá i gceist le híoc trí roghanna simplithe costais, seachas costais fhírinneacha a íoc, ná castacht na bpróiseas aisíocaíochta a laghdú trí íocaíochtaí a dhéanamh ar bhonn rátaí réamhshonraithe.</p> <p>Is iad na príomhchineálacha roghanna simplithe costais atá á n-úsáid ag na cláir reatha ná: “rátaí comhréidhe” agus “costais aonaid”.</p>
<p>FBM</p>	<p>Fiontair Bheaga agus Meánmhéide. Sainmhíníonn an Coimisiún Eorpach FBManna mar fhiontair a bhfuil líon faoi bhun 250 duine fostaithe acu. Is ceart freisin go mbeadh láimhdeachas bliantúil de suas le EUR 50 milliún acu, nó iomlán nach mó ná EUR 43 milliún ar an gclár comhardaithe.</p>
<p>Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE)</p>	<p>Ceann is ea sinn de na sé Chomhlacht trasteorann arna mbunú ag “Comhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ag Bunú Comhlachtaí Forfheidhmithe”.</p> <p>Tá CCSAE freagrach as Cláir an AE PEACE IV (€270m) agus INTERREG VA (€283m) a chur i bhfeidhm. Tá ról ag CCSAE chomh maith mar fhógraitheoir na gclár chun gafacht leis na Cláir Idir-réigiúnacha INTERREG VB Transnational agus INTERREG VC a chur chun cinn.</p>
<p>Forálacha sainiúla don chomhar críche – Togra do Rialúchán COM(2018) 374</p>	<p>Leagtar amach leis an rialúchán togartha seo na socrúithe sainiúla cláreagraithe agus tuairiscithe do chlár trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha. Leagtar amach ann na Cuspóirí Beartais, an CFRE, na critéir intofachta, na hacmhainní airgeadais atá ar fáil agus na critéir dá leithdháileadh. Leagtar amach ann freisin na socrúithe feidhmithe, pleananna do bhainistiú agus rialáil airgeadais san áireamh. Maoineofar an Clár PEACE PLUS mar Chlár Chomhar Críche Eorpach agus beidh sé dá bhrí sin faoi réir ag forálacha an Rialúcháin seo.</p>
<p>TEN-T</p>	<p>Tá an Clár TEN-T déanta suas de na céadta tionscadal – atá sainmhínithe mar staidéir nó oibreacha – a bhfuil sé mar aidhm dheiridh acu comhtháthú, idircheangal agus idir-inoibritheacht an líonra iompair tras-Eorpaigh, chomh maith leis an rochtain air, a chinntiú.</p>
<p>Costais Aonaid</p>	<p>Áit a bhfuil íocaíochtaí ceangailte le seachadadh aschuranna réamhaontaithe seachas bheith bunaithe ar na costais dhíreacha a bhaineann leis an aschur a tháirgeadh. Sampla de Chostas Aonaid sa tréimhse cláreagraithe 2014-2020 is ea an Costas Aonaid do FBManna atá ag freastal ar cheardlann tionscadail. Faoin gCostas Aonaid seo, féadann comhpháirtithe táille a éileamh in aghaidh gach FBM a fhreastalaíonn ar cheardlann, seachas na costais iarbhír a bhaineann leis an gceardlann.</p>

Arna fhoilsiú ag Comhlacht na gClár Speisialta AE

Oifig Bhéal Feirste:

An 7ú Urlár, Foirgneamh Clarence Thiar,
2 Sráid Clarence Thiar, Béal Feirste,
Tuaisceart Éireann,
BT2 7GP
Teil: +44 (0)28 9026 6660

R-phost: PEACEPLUS@seupb.eu

<https://seupb.eu/PEACEPLUS>



Special EU Programmes Body
Foras Um Chláir Speisialta An AE
Boord O Owre Ocht UE Projects



Northern Ireland
Executive
www.northernireland.gov.uk



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland